Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

LCDC
Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chontae Chorcaí
Cork County Local Community Development Commitees

# Aguisíní Imleabhar 3



LECP
CONTAE CHORCAÍ

Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail
2024-2030



Liscarroll Castle

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# INNÉACS


| | | |
|---|---|---|
| Aguisín 1 | Gluais Téarmaí | 5 |
| Aguisín 2 | Deimhniú Scagthástála AA/SEA | 13 |
| Aguisín 3 | Ráiteas Comhsheasmhachta Thionól Réigiúnach an Deiscirt | 19 |
| Aguisín 4 | Ballraíocht de CFPÁ Chorcaí Thuaidh, CFPÁ Choraí Theas, CFPÁ Chorcaí Thiar agus Grúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail | 23 |
| Aguisín 5 | Liosta na gCruinnithe | 31 |



Mullinhassig Waterfalls

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# AGUISÍN 1:

# GLUAIS TÉARMAÍ

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



## AGUISÍN 1: GLUAIS TÉARMAÍ

# A

**Anailís Shocheacnamaíoch:** Uirlis chun meastóireacht a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a chruthóidh gníomhaíocht don tsochaí trí chomparáid a dhéanamh idir an méid a tharlóidh má chuirtear an gníomh seo i bhfeidhm i gcomparáid leis an gcás nach gcuirfear an gníomh i bhfeidhm.

**Athbhreithniú:** Cuid den phróiseas pleanála chun dul chun cinn an chur i bhfeidhm a mheas. Is 'léargas' iad i saol tionscnaimh agus is gnách go ndíríonn siad ar shaincheisteanna oibríochtúla, ar éifeachtacht

**Athrú aeráide:** Áirítear leis an téamh domhanda atá á spreagadh ag astaíochtaí gás ceaptha teasa ag daoine, agus na hathruithe mórscála i bpatrúin aimsire a eascraíonn as sin

# B

**Bonneagar Sóisialta:** Fothacar den earnáil bonneagair agus de ghnáth cuimsíonn sé sócmhainní a fhreastalaíonn ar sheirbhísí sóisialta. I measc na samplaí tá scoileanna, ollscoileanna, ospidéil, príosúin agus tithíocht phobail.

# C

**Clár LEADER:** Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le tionscadail forbartha tuaithe a thionscnaítear ar an leibhéal áitiúil d'fhonn ceantair thuaithe a athbheochan agus poist a chruthú. Geilleagar Ísealcharbóin: Geilleagar a chruthaíonn leibhéil ísle astaíochtaí GCT (Gás Ceaptha Teasa) i gcomparáid le geilleagar diancharbóin an lae inniu.

**Comhairliúchán Poiblí:** próiseas rialála trína lorgaítear ionchur an phobail ar ábhair a théann i bhfeidhm orthuIs iad na príomhspriocanna atá aige éifeachtúlacht, trédhearcacht agus rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail mhórscála a fheabhsú nó dlíthe agus polasaithe. Is gnách go mbíonn fógra i gceist leis (chun an t-ábhar a phoibliú a ndéanfar comhairliúchán air), comhairliúchán (sreabhadh dhá threo faisnéise agus malartú tuairimí) chomh maith le rannpháirteachas (a bhaineann le grúpaí sainleasa i ndréachtú beartais nó reachtaíochta).

**Creatphlean:** Doiciméad a sholáthraíonn modheolaíocht chun athrú sa phobal a stiúradh le himeacht ama. Tá an cineál seo plean éagsúil ó phlean cuimsitheach traidisiúnta a dhéanann iarracht aghaidh a thabhairt go domhain agus go mion ar na heilimintí ar fad a theastaíonn chun fás fadraoin an cheantair a rialú. Bíodh is go gcuireann sé fís chumhachtach fhadtéarmach ar fáil, ní dhéanann sé iarracht gach uile bheartas agus gach mionsonra atá riachtanach chun an fhís sin a bhaint amach a shainiú.

**Cur chuige "ón mbun aníos":** Leagann sé seo béim ar rannpháirtíocht an phobail áitiúil i dtionscnaimh forbartha ionas gur féidir leo a spriocanna féin agus na modhanna chun iad a bhaint amach a roghnú. Cinntíonn sé freisin úinéireacht an phobail, tiomantas agus cuntasacht don tionscadal forbartha de réir mar a lorgaíonn sé forbairt ón mbun aníos.

# E

**Éiceachóras:** Pobal nó grúpa d'orgánaigh beo a chónaíonn agus a idirghníomhaíonn lena chéile i dtimpeallacht ar leith.

# F

**Feidhm Fhorchoimeádta:** Feidhm fhorchoimeádta de chuid Údaráis Áitiúil is ea feidhm nach féidir ach leis na comhaltaí tofa í a chomhlíonadh.

**Fiontar Sóisialta:** Fiontar a dhéanann trádáil ar mhaithe le cuspóir sóisialta/sochaíoch, áit a dtuilltear ar a laghad cuid dá ioncam óna ghníomhaíocht trádála, ar leithligh ón rialtas, agus áit a ndéantar an barrachas a athinfheistiú go príomha sa chuspóir sóisialta.

**Fiontraíocht shóisialta:** Cur chuige ag daoine aonair, grúpaí, cuideachtaí nuathionscanta nó fiontraithe, ina ndéanann siad réitigh ar shaincheisteanna sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil a fhorbairt, a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm. D’fhéadfadh an coincheap seo a chur i bhfeidhm ar raon leathan eagraíochtaí, atá éagsúil i dtaobh méide, aidhmeanna, agus creidimh de.

**Forbairt Inbhuanaithe:** Forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais na linne seo gan cur isteach ar chumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin.

# G

**Geilleagar Aeráidneodrach:** Geilleagar le hastaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha.

**Geilleagar Ciorclach:** Samhail táirgeachta agus tomhaltais, lena mbaineann ábhair agus táirgí atá ann cheana a roinnt, a léasú, a athúsáid, a dheisiú, a athchóiriú agus a athchúrsáil chomh fada agus is féidir, agus ar an gcaoi sin saolré táirgí a leathnú.

# I

**Ionchuimsiú Sóisialta:** An próiseas chun feabhas a chur ar an gcaoi a nglacann daoine aonair agus grúpaí páirt sa tsochaí - feabhas a chur ar chumas, deis, agus dínit na ndaoine sin atá faoi mhíbhuntáiste ar bhonn a bhféiniúlachta.

# L

**Lucht Oibre:** Iad siúd atá ag obair, ag lorg an chéad phost rialta agus nó siúd atá dífhostaithe.

# M

**Maolú:** Gníomh a chabhraíonn le tionchair phróisis nó forbartha ar an timpeallacht ghlactha a laghdú (go minic i gcomhar le bearta a d’fhéachfadh le tionchair dhiúltacha próisis nó forbartha a laghdú).

**Meastóireacht:** Léiriú struchtúrtha agus brí a thabhairt do thionchair réamh-mheasta nó tionchair a tharla de thograí nó torthaí. Breathnaíonn sé ar chuspóirí bunaidh, agus ar cad atá tuartha nó cad a tugadh i gcrích agus conas a cuireadh i gcrích é.

**Measúnacht Chuí:** (AA) measúnú ar na héifeachtaí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith ag plean nó tionscadal (in éineacht le pleananna nó tionscadail eile) ar Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta. Tá na suímh seo faoi chosaint ag an Dlí Náisiúnta agus ag an Dlí Eorpach.

**Monatóireacht:** An próiseas córasach maidir le faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid chun dul chun cinn cláir i dtreo a chuspóirí a bhaint amach a rianú agus chun cinntí bainistíochta a threorú. Seachadann monatóireacht rathúil faisnéis thráthúil agus ábhartha a ligeann duit dul chun cinn a rianú i dtreo torthaí agus coigeartuithe a dhéanamh ar shocruithe cur chun feidhme de réir mar is gá.

# P

**Páirtithe leasmhara:** duine ar nós fostaí, custaiméir, nó saoránach atá bainteach le heagraíocht, cumann, srl. agus dá bhrí sin tá freagrachtaí air ina leith agus dúil aige/aici go n-éireoidh le rud. Measúnú Straitéiseach Timpeallachta: Próiseas córasach tacaíochta cinnidh, arb é is aidhm dó a chinntiú go meastar gnéithe comhshaoil agus, b'fhéidir, gnéithe inbhuanaitheachta eile go héifeachtach i gceapadh beartas, plean agus clár.

**Plean Forfheidhmithe:** Doiciméad a chuimsíonn na céimeanna atá ag teastáil chun cur i ngníomh agus cur i bhfeidhm plean, smaoineamh, samhla nó beartais a éascú trí chéimeanna soiléire cur i bhfeidhm a chur i láthair nach mór a leanúint

**Pleanáil Spásúlachta:** Pleanáil a thugann léiriú geografach ar bheartais eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus éiceolaíochta na sochaí. Ag an am céanna is disciplín eolaíoch, teicníc riaracháin agus beartas é a forbraíodh mar chur chuige idirdhisciplíneach agus cuimsitheach atá dírithe ar fhorbairt réigiúnach chothromaithe agus eagrú fisiciúil an spáis de réir straitéise foriomláine.

# R

**Ríocht Phoiblí:** Na háiteanna seachtracha inár mbailte agus inár gcathracha atá inrochtana do chách. Na spásanna laethúla a mbogann muid tríothu agus a mbímid ag crochadh thart iontu, na háiteanna ina bhfuil cónaí orainn, ina n-oibríonn muid agus ina mbíonn muid ag spraoi.

# T

**Táscaire:** Staitistic intomhaiste agus chainníochtúil a thaispeánann treocht nuair a ghrúpáiltear í thar thréimhse ama.

**Taisteal Níos Cliste:** Gearrthéarma do dhoiciméad beartais Iompair Inbhuanaithe na Roinne Iompair 'Taisteal Níos Cliste, Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009 –2020'.

## ACRAINMNEACHA

**AACS** – Ainmníocht na nAonad Críche le haghaidh Staidrimh
**AE** – An tAontas Eorpach
**AOSCATA** – Áit Oibre, Scoile nó Coláiste - Áireamh ár Thaifid Anaithnide
**BIE**– Bonneagar Iompair Éireann
**BOO** – Bord Oideachais agus Oiliúna
**CAFT** – An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe
**CAFU** – An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach
**CB** – Ceantar Bardasach
**CBS** – An Coiste um Beartas Straitéiseach
**CBSE** – Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann
**CCC** – Comhairle Contae Chorcaí
**CCSGP** – Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
**CCTP**– Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh Phaindéim
**CDSS**– Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
**CFA** – Comhlacht Forbartha Áitiúil
**CFGI**- Cuspóir Forbartha Geilleagraí Inbhuanaithe
**CFP** – Clár Feabhsúcháin Pobail
**CFPÁ** – Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
**CFRE** – Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa
**CGFE** – Cónaidhm Ghnó agus Fhostóirí na hÉireann
**CISE** – Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann
**CNOE** – Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
**CNP** – Creat Náisiúnta Pleanála
**CNTS** – Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha
**COC**– Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
**CPI** – Cuspóir an Phobail Inbhuanaithe
**CSLD** – Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga
**ECFE** – An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
**EPD** – Earnáil Phobail agus Dheonach
**ES** – Éire Shláintiúil
**FBM** - Fiontar Beag agus Meánmhéide
**FÉ** – Fiontraíocht Éireann
**FEE** – Fondúireacht Eolaíochta Éireann
FNT – Forbairt agus Nuálaíocht Taighde
**FSC** – Freagracht Shóisialta Chorparáideach
**FSS** – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
**GCT** – Gás Ceaptha Teasa
**GFT**– An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
**GGLS** – Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil
**IAT** – Ionad Acmhainní Teaghlaigh
**IDC** – Infheistíocht Dhíreach Choigríche
**IFFSN** – Ionad Faisnéise agus Forbartha Seirbhísí Néaltraithe
**INTERREG** – Comhar Críochach Eorpach
**ITES** – Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
**LBT** – Lár Bailte ar dTús

**LCS** – Limistéar Caomhaontais Speisialta
**LDDB** – Láidreachtaí, Dúshláin, Deiseanna, Bagairtí
**LEADER** – Liaison Entre Actions de Développement de l'Économie Rurale – a chiallaíonn Naisc idir gníomhartha d'fhorbairt gheilleagar na tuaithe
**LIC** – Limistéar Íogair Comhshaoil
**LLC** – Limistéar Ilúsáide Cluichí
**LLDB** – Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí
**LON** – Limistéar Oidhreachta Nádúrtha
**LRP** – Líonra Rannpháirtíochta Pobail
**MC** – Measúnacht Chuí
**MERT** – Measúnú ar Éileamh ar Riachtanais Tithíochta
**MTT** – Measúnú Tionchair Timpeallachta
**MST** – Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
**NA** – na Náisiún Aontaithe
**OFÁ** – Oifig Fiontair Áitiúil
**OOP** – Oifig na nOibreacha Poiblí
**ORFA** - Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide
**OTM** – Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
**PÁEP** – Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
**PCÁ** – Plean Ceantair Áitiúil
**PF** – Príomhtháscaire Feidhmíochta
**PFC** – Plean Forbartha Cathrach/Contae
**PFN** – An Plean Forbartha Náisiúnta
**PFR** – Plean Fiontraíochta Réigiúnach
**PFRL** – Plean Fiontraíochta Réigiún an Iardheiscirt
**PIFRBC** – Plean Iompair agus Feabhsúcháin Ríochta Poiblí Charraig Uí Leighin.
**PIRAA** – An Painéal Idir–Rialtasach ar an Athrú Aeráide
**PNFA** – An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide
**PNTA** – An Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta
**PNTE** – An Plean Náisiúnta Téarnaimh Eacnamaíoch
**POS** – An Phríomh–Oifig Staidrimh
**RCAC** – An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**RCPA** – An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
**RCS** – An Roinn Coimirce Sóisialaí
**RDC** – An Roinn Dlí agus Cirt
**RFF** – Rátáil Fuinnimh Foirgnimh
**RFTF** – An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
**RFTP** – An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
**RGCS** – An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
**RGE** – An Roinn Gnóthaí Eachtracha
**RLCMLO** – An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
**RO** – An Roinn Oideachais
**RSC** – An Roinn Coimirce Sóisialaí
**RTRAO** – An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**RTT** – Ráiteas Tionchair Timpeallachta

**SFA** – Straitéis Forbartha Áitiúil
**SFI** – Sprioc Forbartha Inbhuanaithe
**SFEFT** – An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht
**SIIRT** – Sonrach, Intomhaiste, Inbhainte Amach, Réalaíocha agus Tráthúil
**SPNF** – An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
**SRSE**– An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch
**T** – Toghroinn
**TD** – Tascfhórsa Drugaí
**TFC** – Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
**TR** – Tionól Réigiúnach
**UA** – Údarás Áitiúil
**UE** – Uisce Éireann
**UFIE** – Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
**UNI** – An tÚdarás Náisiúnta Iompair



Baltimore Beacon

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# AGUISÍN 2:

# DEIMHNIÚ SCAGTHÁSTÁLA AA/SEA



# AGUISÍN 2: DEIMHNIÚ SCAGTHÁSTÁL AA/SEA

## Scagadh le haghaidh Cinneadh maidir le Measúnacht Chuí (AA) do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Chorcaí 2024-2030

Leis an gcinneadh seo cibé an mbeadh nó nach mbeadh gá le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Chorcaí 2024 -2030, atá le glacadh, chun tabhairt faoi Mheasúnacht Chuí Chéim 2 (AA) faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus Fauna agus Flora Fiáine a Chaomhnú (arna leasú) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (arna leasú).

Ullmhaíodh Scagadh a ghabhann leis do Thuarascáil AA chun bonn eolais a chur faoin gcinneadh seo. Mar a shainaithnítear sa tuarascáil sin:

- I gcur i bhfeidhm an Phlean beidh Comhairle Contae Chorcaí ag cabhrú le páirtithe leasmhara a éascú, a chur chun cinn, tacú leo agus iad a chomhordú ina gcuid gníomhaíochtaí ar bhealach atá ag teacht le pleananna atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn lena leagtar amach beartas poiblí d'fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an beartas a bhaineann leis an ngeilleagar, pobail, bonneagar, turasóireacht úsáide talún agus cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht comhshaoil. Tá an Plean in éineacht leis an ordlathas seo de dhoiciméid reachtúla a bhí faoi réir measúnú/scagadh comhshaoil le haghaidh measúnú comhshaoil, de réir mar is cuí, agus atá mar chreat cinnteoireachta agus deonaithe toilithe. Ní thugann an Plean toiliú ná ní bhunaíonn sé creat chun toiliú a dheonú agus ní bheidh sé ina cheangal ar aon chinntí a bhaineann le toiliú a dheonú.
- Tá an Plean ag teacht go hiomlán le forálacha an Chreata Náisiúnta Pleanála atá ann cheana, Éire 2040, an Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, Tithíocht do Chách 2021, an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch agus Plean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028, a raibh gach ceann acu faoi réir ceanglas reachtach a bhaineann le comhairliúchán poiblí agus measúnú/scagadh comhshaoil le haghaidh measúnú comhshaoil. Dá réir sin, tá an Plean go hiomlán faoi réir cheanglais na bhforálacha atá leagtha amach sna doiciméid seo, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil agus bainistiú comhshaoil atá comhtháite sna doiciméid seo, lena n-áirítear trí phróisis SEA agus AA, agus ní thugann sé isteach aon athruithe ná breisithe ar na forálacha sin.
- Chun iad a fhíorú, ní mór do thionscadail atá san áireamh sa Phlean (ar bhealach comhchosúil le tionscadail eile ó aon earnáil eile) cloí, de réir mar is cuí, le reachtaíocht, polasaithe, pleananna agus cláir éagsúla (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnacht Chuí leibhéil íochtair, Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus ceanglais cheadúnaithe eile de réir mar is cuí) arb iad an creat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe iad.
- Tar éis na samhla 'foinse-conair-gabhdóir', rinneadh measúnú ar thréithe ábhartha na láithreán Eorpach. Ní thugtar isteach sa Phlean aon fhoinsí breise le haghaidh éifeachtaí nach raibh breithnithe cheana féin ag an gcreat pleanála atá ann cheana agus ag na próisis AA a bhaineann leis.

- Tugadh aghaidh ar na rioscaí do chosaint agus do shláine leasanna cáilitheacha, leasanna caomhnaithe speisialta agus cuspóirí caomhnaithe na láithreán Eorpach tríd an gcreat pleanála atá ann cheana (a bhí faoi réir próisis Mheasúnaithe Chuí) nach mór don Phlean agus do gach plean/tionscadal sraithe níos ísle a chomhlíonadh. Ina theannta sin, beidh aon tionscadail, pleananna srl. amach anseo a d'fhéadfadh teacht chun cinn iad féin faoi réir AA/scagadh le haghaidh AA nuair a bheidh tuilleadh sonraí maidir le dearadh agus suíomh ar eolas.

- Táthar den tuairim nach dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar láithreáin Eorpacha mar thoradh ar an bPlean atá le glacadh agus nach mbeidh aon éifeachtaí aige ar shláine éiceolaíoch aon Láithreáin Eorpaigh, ina aonar nó in éineacht le haon phleananna, cláir, agus tionscadail eile srl. Dá bharr sin, moltar nach bhfuil gá le AA Céim a Dó (lena n-áirítear Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú).

Aontaíonn an té a bhfuil a shíniú thíos, tar éis dó/di an fhaisnéis dá dtagraítear thuas a bhreithniú go cúramach, leis an réasúnaíocht agus leis an gconclúid a chuirtear i láthair thuas agus sa "Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí" agus glacann sé/sí léi. Cinneann an té thíos a shínigh nach dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar láithreáin Eorpacha mar thoradh ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Chorcaí 2024 -2030 atá le glacadh agus nach mbeidh aon éifeachtaí aige ar shláine éiceolaíoch aon Láithreáin Eorpaigh, leis féin nó in éineacht le haon phleananna, cláir agus tionscadail eile srl. Dá bharr sin, moltar nach bhfuil gá le AA Céim a Dó (lena n-áirítear Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú).

Sínitheoir:

_______________________________________________

**Sharon Corcoran,**
Stiúrthóir Seirbhísí, Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta

Dáta: 29/2/24.

- 

## Scagadh le haghaidh Cinneadh maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Chorcaí 2024-2030

Baineann an cinneadh seo le cé acu a bheadh nó nach mbeadh éifeachtaí suntasacha comhshaoil ag Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chontae Chorcaí 2024-2030 atá le glacadh, agus critéir ábhartha a leagtar amach faoin Treoir SEA (Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle na nAirí, an 27 Meitheamh 2001, maidir le Measúnú ar Éifeachtaí Pleananna agus Clár Áirithe ar an gComhshaol); agus dá bhrí sin bheadh gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) a dhéanamh, nó ní bheadh.

Meastar na critéir a leagtar amach faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir SEA ‘Critéir chun tábhacht dhóchúil na n-éifeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(5) a chinneadh’ i dTuarascáil Scagthástála le haghaidh SEA a ghabhann léi a ullmhaíodh chun bonn eolais a chur faoin gcinneadh seo.

Mar a aithníodh i dTuarascáil Scagthástála SEA:

- • I gcur i bhfeidhm an Phlean beidh Comhairle Contae Chorcaí ag cabhrú le páirtithe leasmhara a éascú, a chur chun cinn, tacú leo agus iad a chomhordú ina gcuid gníomhaíochtaí ar bhealach atá ag teacht le pleananna atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn lena leagtar amach beartas poiblí d’fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an beartas a bhaineann leis an ngeilleagar, pobail, bonneagar, turasóireacht úsáide talún agus cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht comhshaoil. Tá an Plean in éineacht leis an ordlathas seo de dhoiciméid reachtúla a bhí faoi réir measúnú/scagadh comhshaoil le haghaidh measúnú comhshaoil, de réir mar is cuí, agus atá mar chreat cinnteoireachta agus deonaithe toilithe. Ní thugann an Plean toiliú ná ní bhunaíonn sé creat chun toiliú a dheonú agus ní bheidh sé ina cheangal ar aon chinntí a bhaineann le toiliú a dheonú.
- Tá an Plean ag teacht go hiomlán le forálacha an Chreata Náisiúnta Pleanála atá ann cheana, Éire 2040, an Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, Tithíocht do Chách 2021, an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch agus Plean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028, a raibh gach ceann acu faoi réir ceanglas reachtach a bhaineann le comhairliúchán poiblí agus measúnú/scagadh comhshaoil le haghaidh measúnú comhshaoil. Dá réir sin, tá an Plean go hiomlán faoi réir cheanglais na bhforálacha atá leagtha amach sna doiciméid seo, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil agus bainistiú comhshaoil atá comhtháite sna doiciméid seo, lena n-áirítear trí phróisis SEA agus AA, agus ní thugann sé isteach aon athruithe ná breisithe ar na forálacha sin.
- Chun iad a fhíorú, ní mór do thionscadail atá san áireamh sa Phlean (ar bhealach comhchosúil le tionscadail eile ó aon earnáil eile) cloí, de réir mar is cuí, le reachtaíocht, polasaithe, pleananna agus cláir éagsúla (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnacht Chuí leibhéil íochtair, Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus ceanglais cheadúnaithe eile de réir mar is cuí) arb iad an creat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe iad. Is foráil shonrach den Phlean é lena chinntiú go gcomhlíonfar na forálacha go léir ón bPlean Forbartha Contae a sainaithníodh sa Scagadh le haghaidh tuairiscí SEA agus AA a ghabhann leis le linn chur i bhfeidhm an Phlean.

- Agus an méid thuas á chur san áireamh, léirítear: go bhfuil éifeachtaí suntasacha tairbhiúla comhshaoil ann cheana féin faoin gcreat pleanála atá ann cheana agus nach dtiocfadh mar gheall ar an bPlean; agus go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha suntasacha, mura bhfuil siad curtha isteach, a bheith ann cheana féin faoin gcreat pleanála atá ann cheana, go bhfuil siad beartaithe agus maolaithe cheana féin ag na measúnuithe ábhartha agus nach dtiocfadh siad as an bPlean. Dá bharr sin, moltar nach mbeadh éifeachtaí suntasacha dóchúla comhshaoil mar thoradh ar an bPlean agus nach mbeadh gá le tabhairt faoi SEA.

Aontaíonn an té a bhfuil a shíniú thíos, tar éis dó/di an fhaisnéis dá dtagraítear thuas a bhreithniú go cúramach, leis an réasúnaíocht agus leis an gconclúid a chuirtear i láthair thuas agus sa "Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta" agus glacann sé/sí léi. Cinneann an té atá thíos leis seo nach bhfuil gá le SEA chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Chorcaí 2024-2030 a ghlacadh.

Sínitheoir:

Sharon Corcoran
_______________________________

**Sharon Corcoran,**
Stiúrthóir Seirbhísí, Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta

Dáta: 29/2/24.



Fota

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# AGUISÍN 3

# RÁITEAS COMHSHEASMHACHTA THIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT

Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Southern Regional Assembly

**Tionól Réigiúnach an Deiscirt**
Teach an Tionóil,
Sráid Uí Chonaill,
Pórt Láirge,
X91 F8PC
Éire.

**Southern Regional Assembly**
Assembly House,
O'Connell Street,
Waterford,
X91 F8PC
Ireland.

**Ráiteas ar Dhréacht-Chreatphlean Chomhairle Contae Chorcaí Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) 2023-2029**

Tá ról na dTionól Réigiúnach sa phróiseas LECP leagtha amach faoi Alt 44 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (lena leasaítear Alt 66C den Acht Rialtais Áitiúil 2001), go háirithe alt 66C 2(c) agus 3(c), a deir go mbainfidh breithniú LECP ag an Tionól Réigiúnach lena chomhsheasmhacht le (i) croístraitéis agus cuspóirí phlean forbartha an údaráis áitiúil lena mbaineann, (ii) aon Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) nó, de réir mar is cuí, Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (RPGanna) a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm, agus (iii) idir gnéithe eacnamaíocha agus pobail an Phlean.

Bhreithnigh comhaltaí an Tionóil Réigiúnaigh LECP Chontae Chorcaí ag a gcruinniú ar an 12 Eanáir 2024 áit ar comhaontaíodh:

1. Moladh a thabhairt d'obair Chomhairle Contae Chorcaí agus CFPÁ i bhforbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus
2. De réir Alt 44 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (lena leasaítear Alt 66C den Acht Rialtais Áitiúil 2001), tá an Tionól Réigiúnach sásta gur léirigh Dréacht-Chreatphlean Chomhairle Contae Chorcaí, is é Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029 leanúnachas le :-

   (i) croístraitéis agus cuspóirí an Phlean Forbartha,
   (ii) An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt, agus
   (iii) idir eilimintí pobail agus eacnamaíocha an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

Faoi réir na moltaí mar a leanas:

- Sa chuid; Próifíl Shocheacnamaíoch Chontae Chorcaí:
  - Cuir **Baile Cathrach** an Crios Forbartha Straitéisí na Móna Airde san áireamh ar léaráidí laistigh den chuid, is ainmniú é seo i bPlean Forbartha an Chontae.
  - Cuir teorainn **MASP** ar an Léaráid Aicmithe Uirbeach/Tuaithe agus léaráid 2022 den Lucht Oibre san áireamh.

Teil/Tel: +353 (0)51 860700
R-phost/Email: info@southernassembly.ie
Idirlíon/Web: southernassembly.ie

Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Southern Regional Assembly

- o Cuir na **Suímh Straitéiseacha Fostaíochta** seo a leanas san áireamh: Carraig Thuathail, An tOileán Beag, Rinn an Scidígh agus An Geata Bán ar léaráid an Lucht Oibre 2022.

- Ba cheart HLG 1 a neartú trí:
  - o tagairt a dhéanamh den sa Chuid Bheartais go bhfuil sé mar **uaillmhian ag an RSES** a bheith ar cheann de na Réigiúin is Cruthaithí agus is Nuálaí, is Glaise agus is ar féidir Cónaí ann san Eoraip,
  - o lena n-áirítear tacaíocht d'fhás an **Limistéir Chathrach, Príomhbhailte ainmnithe agus** lonnaíochtaí de réir an RSES agus an Phlean Forbartha Contae i gCuid na gCuspóirí, agus
  - o tagairt a dhéanamh de thacaíocht do chur chun feidhme **CMATS** faoin gcuid Gníomhaíochtaí don Chuspóir, "Tacú le tionscnaimh agus tionscadail a fheabhsaíonn rochtain ar iompar poiblí do cheantair thuaithe agus uirbeacha, lena n-áirítear nascacht fheabhsaithe agus tairiscint iompair phoiblí.", sa Dréachtphlean Forfheidhmithe Tosaigh.
- Mhol Comhaltaí an Tionóil gur cheart go mbeadh cuspóirí breise sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail chun tacú le naisc iompair phoiblí níos fearr, go háirithe chuig Carraig Uí Leighin, an baile is mó sa Chontae.
- Ba chóir an tagairt don Réigiún Foghlama faoi HLG 2 a neartú trí thagairt a dhéanamh do thacaíocht d'fhorbairt Réigiún an Deiscirt mar **Réigiún Foghlama UNESCO**, ina féidir le Co. Chorcaí páirt a ghlacadh chun deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna a fhorbairt.
- Is féidir leis na **Fóraim Scileanna Réigiúnacha** dá dtagraítear faoi HLG 6 ról a imirt freisin maidir le tacú le forbairt scileanna agus ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh faoi HLG 2 freisin.
- Ba cheart HLG 5 a neartú trí thagairt a dhéanamh do thacaíocht do thograí fiontair sa
- **MASP** agus ag na ceithre **Shuíomh Straitéiseacha Fostaíochta.**

Teil/Tel: +353 (0)51 860700
R-phost/Email: info@southernassembly.ie
Idirlíon/Web: southernassembly.ie



Bridgetown Priory

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# AGUISÍN 4

# BALLRAÍOCHT DE CFPÁ CHORCAÍ THUAIDH, CFPÁ CHORCAÍ THEAS, CFPÁ CHORCAÍ THIAR, CBS UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTAR AGUS GRÚPA COMHAIRLEACH UM PHLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



# AGUISÍN 4
# BALLRAÍOCHT DE CFPÁ CHORCAÍ THUAIDH, CFPÁ CHORCAÍ THEAS, CFPÁ CHORCAÍ THIAR, CBS UM FORBAIRT EACNAMAÍOCH & FIONTAR AGUS GRÚPA COMHAIRLEACH UM

## Ballraíocht CFPÁ Chorcaí Thuaidh

| EARNÁIL | AINM | EAGRAÍOCHT |
|---|---|---|
| **RIALTAS ÁITIÚIL** | **An Comhairleoir Pat Hayes (Cathaoirleach)** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Gerard Murphy (Leas-Chathaoirleach)** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Gearóid Murphy** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Bernard Moynihan** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An tUas. Kevin Curran** | OFÁ Chorcaí Thuaidh |
| | **An tUas. Kevin Morey** | Bainisteoir Rannóga Eatramhach, Comhairle Contae Chorcaí |
| **GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT** | **Uas. Nuala Glanton** | Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí |
| | **Uas. Denise Brosnan** | An Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| **FORBAIRT ÁITIÚIL AGUS POBAIL** | **Uas. Maura Walsh** | IRD Dúiche Ealla |
| | **An tUas. Seán Hegarty** | Comhpháirtíocht na hAbhann Duibhe CLG |
| | **An tUas. Pádraig Casey** | Grúpa Forbartha Bhéal Átha an Ghaorthaidh CLG. |
| **LEASANNA SÓISIALTA, EACNAMAÍOCHA AGUS POBAIL** | **Folamh** | Colún Tithíochta |
| | **An tUas. Michael Doyle** | Colún Comhshaoil |
| | **An tUas. Bob Seward** | PPN Chontae Chorcaí |
| | **Uas. Denis McNamara** | PPN Chontae Chorcaí |
| | **Mr. Declan O'Leary** | Foróige |
| | **Folamh** | IFA (ICMSA) |

## Ballraíocht CFPÁ Chorcaí Theas

| EARNÁIL | AINM | EAGRAÍOCHT |
|---|---|---|
| RIALTAS ÁITIÚIL | **An Comhairleoir Michael Hegarty (Cathaoirleach)** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Séamus McGrath (Leas-Chathaoirleach)** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Marcia d'Alton** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Cathal Rasmussen** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An tUas. Sean O'Sullivan** | OFÁ Chorcaí Theas |
| | **An tUas. Michael Lynch** | Bainisteoir Rannóga Eatramhach, Comhairle Contae Chorcaí |
| GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT | **An tUas. John Fitzgibbons** | Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí |
| | **An tUas. Dónal Ó Liatháin** | Údarás na Gaeltachta |
| | **Uas. Leighann Kennedy** | An Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| FORBAIRT ÁITIÚIL AGUS POBAIL | **Uas. Valerie Murphy** | Comhpháirtíocht na hAbhann Duibhe CLG |
| | **Uas. Arran O'Driscoll** | Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí |
| | **An tUas. Ryan Howard** | Comhpháirtíocht SECAD CLG. |
| LEASANNA SÓISIALTA, EACNAMAÍOCHA AGUS POBAIL | **Folamh** | An tSochaí Shibhialta |
| | **Uas. Mary O'Leary** | Colún Comhshaoil |
| | **An tUas. Liam McCarthy** | PPN Chontae Chorcaí |
| | **An tUas. Tom Howard** | PPN Chontae Chorcaí |
| | **Folamh** | Cloyne Diocesan Youth Services |
| | **Ms. Ashley Amato** | Cork Chamber |
| | **Mr. Jimmy Hosford** | IFA |

## Ballraíocht CFPÁ Chorcaí

| EARNÁIL | AINM | EAGRAÍOCHT |
|---|---|---|
| RIALTAS ÁITIÚIL | **An Comhairleoir John O'Sullivan (Chair)** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy (Leas-Chathaoirleach)** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Declan Hurley** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An Comhairleoir Alan Coleman** | Comhairle Contae Chorcaí |
| | **An tUas. Kevin Curran** | OFÁ Chorcaí Thiar |
| | **Uas. Loraine Lynch** | Bainisteoir Rannóga Eatramhach, Comhairle Contae Chorcaí |
| GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT | **An tUas. Enda McWeeney** | Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí |
| | **Uas. Máire Ní Shé** | Údarás na Gaeltachta |
| | **Uas. Leighann Kennedy** | An Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| FORBAIRT ÁITIÚIL AGUS POBAIL | **Uas. Máire Uí Mhaoláin** | Comhar na nOileán Teo |
| | **An tUas. Ryan Howard** | Comhpháirtíocht SECAD CLG. |
| | **Uas. Arran O'Driscoll** | Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí |
| LEASANNA SÓISIALTA, EACNAMAÍOCHA AGUS POBAIL | **Uas. Eileen O'Shea** | An tSochaí Shibhialta |
| | **Uas. Phoebe Geal** | Colún Comhshaoil |
| | **Folamh** | PPN Chontae Chorcaí |
| | **An tUas. Finbarr Harrington** | PPN Chontae Chorcaí |
| | **Folamh** | Foróige |
| | **Folamh** | Cumann Trádála Chorcaí |
| | **An tUas. Cornelius Buckley** | IFA |

## COMHALTAÍ CBS UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH & FIONTAR

| COMHALTA | CEANTAR BARDASACH |
|---|---|
| **An Comhairleoir Ann Marie Ahern** | Corcaigh Thoir |
| **An Comhairleoir Martin Coughlan** | Maigh Chromtha |
| **An Comhairleoir Kay Dawson** | Mainistir Fhear Maí |
| **An Comhairleoir Pat Hayes** | Mala - Ceann Toirc |
| **An Comhairleoir Paul Hayes** | Corcaigh Thiar |
| **An Comhairleoir Michael Hegarty** | Corcaigh Thoir |
| **An Comhairleoir James Kennedy** | Mallow - Kanturk |
| **An Comhairleoir Noel McCarthy** | Mainistir Fhear Maí |
| **An Comhairleoir Susan McCarthy** | Corcaigh Thoir |
| **An Comhairleoir Gearoid Murphy** | Mala - Ceann Toirc |
| **An Comhairleoir Gerard Murphy** | Mala - Ceann Toirc |
| **An Comhairleoir Frank O'Flynn** | Mainistir Fhear Maí |
| **An Comhairleoir John Paul O'Shea** | Mala - Ceann Toirc |
| **An Comhairleoir John O'Sullivan** | Droichead na Bandan Cionn tSáile |
| **COMHALTA** | **Á ÍONADÚ** |
| **An tUas. Seamus Coffey** | Eile: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| **An tUas. Martin Corkery** | Eile: Fiontraíocht Éireann |
| **An tUas. Michael Delargey** | Ceardchumann |
| **An Dochtúir. John Hobbs** | Eile: Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan |
| **An tUas. Jimmy Hosford** | Talmhaíocht / Feirmeoireacht |
| **An tUas. Aidan Mangan** | Forbairt / Tógáil |
| **An tUas. Bryan O'Donnell** | Gnó / Tráchtála |
| **An tUas. Owen Hurley** | Pobail & Deonach (Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |

## Comhaltaí Ghrúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

| COMHALTA | CEANTAR BARDASACH |
|---|---|
| **An Comhairleoir Frank O'Flynn** | Ardmhéara Chontae Chorcaí |
| **An Comhairleoir Michael Hegarty** | Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail ar CFPÁ Dheisceart Chorcaí |
| **An Comhairleoir Pat Hayes** | Cathaoirleach, CFPÁ Chorcaí Thuaidh |
| **An Comhairleoir Gearoid Murphy** | Cathaoirleach, CBS um Fhorbairt Eacnamaíochta, Fiontar agus Turasóireacht |
| **An Comhairleoir John Paul O'Shea** | Cathaoirleach, CBS um Ioncuimsiú Sóisialta, Forbairt Pobail & Tuaithe |
| **An Comhairleoir John O'Sullivan** | Cathaoirleach, CFPÁ Chorcaí Thiar |
| **Loraine Lynch** | Leas-Phríomhfheidhmeannach Gníomhach, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Kevin Morey** | Leas-Phríomhfheidhmeannach Gníomhach, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Sharon Corcoran** | Stiúrthóir, Forbairt Eacnamaíochta, Fiontar agus Turasóireacht, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Martin Corkery** | Fiontraíocht Éireann |
| **Sophie Crosbie** | IBEC |
| **Kevin Curran** | OFÁ Chorcaí Thuaidh agus Thiar |
| **Morrin Curtis** | PPN, Comhairle Contae Chorcaí |
| **An Dochtúir Frank Crowley** | Coláiste na hOllscoile Corcaigh |
| **Patrick Doyle** | GFT |
| **John Fitzgibbon** | Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí |
| **Conor Healy** | Cumann Trádála Chorcaí |
| **Seamus Heaney** | Visit Cork |
| **Aileen Hurley** | Plean Fiontraíochta Réigiún an Iardheiscirt |
| **Kay Keegan** | CFPÁ, Príomhoifigeach |
| **Kieran Lettice** | Energy Cork |
| **Michael Loftus** | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan |
| **Paul Moran** | Bonneagar Iompair Éireann |
| **Liam McCarthy** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) |

| COMHALTA | CEANTAR BARDASACH |
|---|---|
| **Kevin Motherway** | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **Padraig Moore** | An tAonad um Beartas Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Gerry Murphy** | An Chomhghuaillíocht um Thionscal |
| **Niall O'Callaghan** | Comhordaitheoir Éire Shláintiúil, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Eoin O'Connor** | Tionól Réigiúnach an Deiscirt |
| **Gabrielle O'Keeffe** | FSS |
| **Anthony O'Reilly** | Comhshaol, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Margueritte O'Sullivan** | STEM Southwest |
| **Owen Shinkwin** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| **Victoria Quigley** | Úisce Éireann |
| **Sharon O'Connell** | Bainisteoir Cláir an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Sinead Kearney** | Pleanálaí Feidhmiúcháin, Foireann an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, Comhairle Contae Chorcaí |
| **Yvette O'Sullivan** | Foireann and Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, Comhairle Contae Chorcaí |



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# AGUISÍN 5:

# LIOSTA CRUINNITHE

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



# AGUISÍN 5: LIOSTA NA gCRUINNITHE

| RANNPHÁIRTITHE | DÁTA | AM | SUÍOMH | CUSPÓIR |
|---|---|---|---|---|
| CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar | 29/09/22 | 2.30i.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Treoir Thosaigh CFPÁ |
| CFPÁ Chorcaí Thuaidh | 17/10/22 | 2.00i.n. | Ar líne | Treoir Thosaigh CFPÁ |
| CFPÁ Chorcaí Theas | 27/10/22 | 10:00r.n. | Ar líne | Treoir Thosaigh CFPÁ |
| CFPÁ Chorcaí Thiar | 27/10/22 | 3:30i.n. | Ar líne | Treoir Thosaigh CFPÁ |
| Grúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail | 17/01/23 | 7.30r.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Cruinniú Tosaigh de Ghrúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar | 01/02/23 | 2.30i.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| CFPÁ Chorcaí Thuaidh | 20/02/23 | 2.00i.n. | Ar líne | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| CFPÁ Chorcaí Theas | 23/02/23 | 10.00r.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| CFPÁ Chorcaí,Thiar | 23/02/23 | 2.30i.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| Cruinniú Ghrúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail | 24/03/23 | 9:00r.n. | Hibrid - Vertigo | An Dréachtráiteas Socheacnamaíoch agus Ceardlanna Spriocanna Ardleibhéil a chur i láthair |
| CFPÁ Chorcaí Thuaidh | 17/04/23 | 2:00i.n. | Hibrid – Annabella, Mala | Shocheacnamaíoch agus na Spriocanna Ardleibhéil |
| CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar | 19/04/23 | 2:30i.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Síniú an Dréachtráitis Shocheacnamaíoch agus na Spriocanna Ardleibhéil |
| CFPÁ Chorcaí Theas | 27/04/23 | 10:00r.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Síniú an Dréachtráitis Shocheacnamaíoch agus na Spriocanna Ardleibhéil |
| CFPÁ Chorcaí Thiar | 27/04/23 | 10:00r.n. | Hibrid – Seomraí Chomhairle Chloich na Coillte | Síniú an Dréachtráitis Shocheacnamaíoch agus na Spriocanna Ardleibhéil |
| Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí | 18/05/23 | 1.00i.n. go 3.00i.n. agus 5.30i.n. go 7.30i.n. | Hibernian Hotel - Mala | Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí |

| RANNPHÁIRTITHE | DÁTA | AM | SUÍOMH | CUSPÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí | 22/05/23 | 1.00i.n. go 3.00i.n. agus 5.30i.n. go 7.30i.n. | Radisson Blu Hotel - An tOileán Beag | Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí |
| Seó Samhraidh Chorcaí | 17/06/23 | 9:30-6:00i.n. | Láthair Thaispeántais Chorcaí | Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí |
| Seó Samhraidh Chorcaí | 18/06/23 | 9:30-6:00i.n. | Láthair Thaispeántais Chorcaí | Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí |
| Grúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail | 8/9/23 | 9:00r.n. | Hibrid - Vertigo | Cur i láthair na Tuarascála Comhairliúcháin Phoiblí agus leasuithe ar Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil.<br>Ceardlanna |
| CFPÁ Chorcaí Thuaidh | 18/09/23 | 2:00i.n. | Seomra Chomhairle Annabella | Síniú na Tuarascála Comhairliúcháin Phoiblí agus leasuithe ar Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil. |
| SBC um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar | 20/09/23 | 2:30i.n. | Hibrid - Seomra Comhdhála Urlár 16 | Síniú na Tuarascála Comhairliúcháin Phoiblí agus leasuithe ar Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil. |
| CFPÁ Chorcaí Theas | 28/09/23 | 10:00r.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Síniú na Tuarascála Comhairliúcháin Phoiblí agus leasuithe ar Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil. |
| CFPÁ Chorcaí Thiar | 28/09/23 | :30i.n. | Hybrid - Seomra na Comhairle Chloich na Coillte | Síniú na Tuarascála Comhairliúcháin Phoiblí agus leasuithe ar Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil. |
| Grúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail - Dé hAoine | 1/12/23 | 9:00r.n. | Vertigo - Hibrid | Spriocanna Leasaithe Ardleibhéil a chur i láthair agus cuspóirí, dréacht-torthaí agus Dréacht-Cheardlanna an Phlean Forfheidhmithe Tosaigh |
| SBC um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar | 13/12/23 | 2:00i.n. | Seomraí na Comhairle - Hibrid | Síniú Spriocanna agus cuspóirí Leasaithe Ardleibhéil, dréacht-torthaí agus Dréacht-Phlean Forfheidhmithe Tosaigh |

| RANNPHÁIRTITHE | DÁTA | AM | SUÍOMH | CUSPÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Cruinniú CFPÁ Chorcaí Theas | 14/12/23 | 10:00r.n. | Seomra na Comhairle - Hibrid | Síniú Spriocanna agus cuspóirí Leasaithe Ardleibhéil, dréacht-torthaí agus Dréachtphlean Forfheidhmithe Tosaigh |
| Cruinniú CFPÁ Chorcaí Thiar | 14/12/23 | 2:30i.n. | Seomra na Comhairle, Sráid an Cheantaigh, Cloich na Coillte - Hibrid | Síniú Spriocanna agus cuspóirí Leasaithe Ardleibhéil, dréacht-torthaí agus Dréachtphlean Forfheidhmithe Tosaigh |
| CFPÁ Chorcaí Thuaidh | 18/12/23 | 2:00i.n. | Seomra na Comhairle, Annabella, Mala - Hibrid | Síniú Spriocanna agus cuspóirí Leasaithe Ardleibhéil, dréacht-torthaí agus Dréachtphlean Forfheidhmithe Tosaigh |
| Cruinniú Cheantar Bardasach an Chóibh | 02/01/24 | 2:30i.n. | Seomra Chomhairle an Chóibh - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |
| Cruinniú Cheantar Bardasach Chorcaí Thoir | 02/01/24 | 1.30i.n. | Seomra Chomhairle Eochaille - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |
| Cruinniú Cheantar Bardasach Chorcaí Thiar | 05/01/24 | 11.30r.n. | Seomra Chomhairle an Sciobairín - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |
| Cruinniú Cheantar Mala/ Cheann Toirc | 05/01/24 | 10.30r.n. | Seomra Chomhairle Annabella - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |
| Cruinniú Cheantar Bardasach Charraig Uí Leighin | 15/01/24 | 2:00i.n. | Seomra na Comhairle - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |

| RANNPHÁIRTITHE | DÁTA | AM | SUÍOMH | CUSPÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Cruinniú Cheantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí | 16/01/24 | 11.00r.n. | Seomra Chomhairle Mhainistir Fhear Maí - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |
| Cruinniú Cheantar Bardasach Mhainistir Dhroichead na Bandan/ Chionn tSáile | 23/01/24 | 10:00r.n. | Leabharlann Dhroichead na Bandan - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |
| Cruinniú Cheantar Bardasach Mhaigh Chromtha | 26/01/24 | 11.00r.n. | Seomraí Mhaigh Chromtha - Hibrid | Cur i láthair le haghaidh ionchur agus comhaontú an Dréachtchreata Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Dréachtphlean Forfheidhmithe |
| Grúpa Comhairleach um Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail | 09/02/24 | 9:00r.n. | Hibrid - Vertigo | Comhaontú ar an Dréacht Deiridh de Chreat an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus Plean Cur Chun Feidhme Tosaigh an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| SBC um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar | 14/02/24 | 2:30i.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle | Dréacht Deiridh de Chreat an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a Ghlacadh |
| CFPÁ Chorcaí Thuaidh | 19/02/24 | 2:30i.n. | Hibrid – Annabella, Mala | Dréacht Deiridh de Chreat an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a Ghlacadh |
| CFPÁ Chorcaí Theas | 22/02/24 | 10:00r.n. | Hibrid - Seomra na Comhairle | Dréacht Deiridh de Chreat an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a Ghlacadh |
| CFPÁ Chorcaí Thiar | 2/02/24 | 3:00i.n. | Hibrid – Seomraí na Comhairle Chloich na Coillte | Dréacht Deiridh de Chreat an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a Ghlacadh |
| Cruinniú den Chomhairle Iomlán | 11/03/24 | 11:00r.n. | Seomraí na Comhairle | Dréacht Deiridh de Chreat an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a Ghlacadh |



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council